

# An Ghaeilge san Ardteistiméireacht

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi thuarascáil dar teideal *Review of Policy and Practice in relation to Exemptions from Irish*. Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat:

Cén Ghaeilge a chuirfeá ar an teideal sin?  
Cad é ábhar na tuarascála, dar libh?

**Ceist 2** Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *confirmed*
- *review*
- *exemption*
- *put together*
- *to grapple with*
- *it came to light*
- *learning needs*
- *investigation*
- *draft circular*
- *consultation process*
- *constituency*
- *conforming to, sticking with*
- *common European framework*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil an Roinn Oideachais ag déanamh athbhreithniú ar chóras na ndíolúintí sa Ghaeilge?
2. Cad atá an Roinn ag déanamh le tabhairt faoin athbhreithniú seo?
3. Cad a bhí le rá Thomas Byrne faoin scéal?
4. Cén tuairim atá ag Julian de Spáinn faoin athbhreithniú?

**Ceist 4** Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuirigí an t-alt roimh na hainmfhocail seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír, agus athraígí iad más gá. Scríobhaigí inscne an ainmfhocail in aice le gach ceann acu.

- *urlabhraí*
- *córas*
- *díolúine*
- *socrú*
- *Gaeilge*
- *athbhreithniú*
- *fadhb*
- *bliain*
- *ceist*

- *próiseas*
- *teanga*

**Ceist 5** An briathar saor

Éist leis an mír arís. Breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann inti. Cén aimsir lena mbaineann siad? Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar scoile éigeantach? Cad chuige?
2. Cén fáth a gceapann daoine áirithe gur ábhar deacair í an Ghaeilge?
3. Cad iad na teangacha eile a ndéanann tú staidéar orthu? An bhfuil siad deacair? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis do na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair.

*confirmed* – dearbhaithe

*review* – athbhreithniú

*exemption* – díolúine

*put together* – cuir i dtoll a chéile

*to grapple with* – dul i ngleic le

*it came to light* – tháinig sé chun solais

*investigation* – iniúchadh

*draft circular* – dréachtchiorclán

*consultation process* – próiseas comhairliúcháin

*constituency* – dailcheantar

*conforming to, sticking with* – ag cloí le

*common European framework* – fráma coiteann Eorpach

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

an t-urlabhraí (fr)

an córas (fr)

an díolúine (bn)

an socrú (fr)

an Ghaeilge (bn)

an t-athbhreithniú (fr)

an fhadhb (bn)

an bhliain (bn)

an cheist (bn)

an próiseas (fr)

an teanga (bn)

### Ceist 5

- go bhfuiltear – aimsir láithreach
- ina dtugtar – aimsir láithreach
- foilseofar – aimsir fháistineach
- bronntar – aimsir láithreach
- táthar – aimsir láithreach
- go nglacfar – aimsir fháistineach
- déanfar – aimsir fháistineach

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

### Siún Nic Gearáilt

Tá sé dearbhaithe ag urlabhraí ón Roinn Oideachais go bhfuiltear ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an gcóras ina dtugtar díolúine ón nGaolainn<sup>1</sup> san Ardeistiméireacht do dhaltaí. Tá tuarascáil curtha i dtoll a chéile agus foilseofar an tuarascáil mar chuid de phróiseas poiblí chun socruithe nua a dhéanamh maidir le díolúintí.

Chuir Conradh na Gaeilge fáilte roimis<sup>2</sup> an scéal, á rá go bhfuil sé in am dul i ngleic leis an gceist.

### Sorcha Ní Riada

Le blianta beaga tháinig sé chun solais go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaltaí atá ag fáil díolúintí ón Roinn Oideachais, chun nach gcaithfidh siad Gaeilge a fhoghlaim. Bronntar díolúintí ar dhaltaí ó thar lear, nó ar dhaltaí a chuaigh ar scoil thar lear ar feadh tréimhsí áirithe, nó ar dhaoine le riachtanais<sup>3</sup> foghlama.

Táthar in amhras go bhfuil mí-úsáid á baint<sup>4</sup> as an gcóras seo mar go leanann roinnt de na daltaí seo ag staidéar teangacha Eorpacha eile.

Agus tá an Roinn Oideachais ag déanamh iniúchadh ar an gceist seo anois. Tá tuarascáil dar teideal, *Review of Policy and Practice in Relation to Exemptions from Irish*<sup>5</sup>, scríofa<sup>6</sup> acu agus tá dréachtchiorclán á réiteach le foilsiú mar chuid de phróiseas comhairliúcháin.

### Thomas Byrne TD, Urlabhraí Oideachais, Fianna Fáil

Tá fáthanna ansin go bhfuil daoine le riachtanais speisialta oideachais acu, agus tá mise ag déileáil le daoine ó mo dháilcheantar féin maidir leo siúd. Agus, freisin tá deacrachtaí eile ag daoine, so, tá súil agam go mbeidh athbhreithniú ceart agus athbhreithniú leathan ag an Roinn agus go mbeadh an bunphrionsabal sin ann, go mbeadh an Ghaeilge riachtanach san Ardeistiméireacht. Tá muidne ag tacú leis sin agus ag cloí leis sin.

### Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge

Ar dtús cuirimid fáilte go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar chóras na ndíolúintí<sup>7</sup>. Sílimid féin go bhfuil go leor fadhbanna bainteach leis; ní gá dúinn ach breathnú ar na figiúirí. Sin ráite, táimid ag súil ag an deireadh go mbeidh, go nglacfar le moltaí ar nós na gceann<sup>8</sup> atá againn féin, go mbeidh an córas sa mheánscoil bunaithe ar an bhfráma coiteann Eorpach. Sa tslí sin, d'fhéadfadh dalta tosú aon am go dtagann siad isteach sa scoil, bíodh sé go raibh siad ag teacht ó thar lear nó go raibh fadhbanna foghlama acu, go mbeadh siad in ann tabhairt faoin, fiú an leibhéal is bunúsaí, A1 mar shampla.

### Sorcha Ní Riada

Déanfar socruithe nua maidir leis na díolúintí, ag brath ar an méid a thioctaidh as an bpróiseas comhairliúcháin.

Sorcha Ní Riada, Nuacht Tg4 i dTeach Laighean.

---

<sup>1</sup> ón nGaeilge an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> roimh an leagan caighdeánach

<sup>3</sup> riachtanais a dúradh

<sup>4</sup> á bhaint a dúradh

<sup>5</sup> Athbhreithniú ar Pholasaí agus ar Chleachtais na Díolúine ón nGaeilge an leagan Gaeilge

<sup>6</sup> scríofa an leagan caighdeánach

<sup>7</sup> na díolúintí a dúradh

<sup>8</sup> na cinn a dúradh